

# CÚISEANNA LE SCOIL LÁN-GHAEILGE A ROGHNÚ POWODY, DLA KTÓRYCH WARTO WYBRAĆ GAELSCOIL

Forléargas do  
Thuismitheoirí & Chaomhnóirí

Informacje dla rodziców  
i opiekunów




[www.gaeloideachas.ie](http://www.gaeloideachas.ie)

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

## Cad is scoil lán-Ghaeilge ann?

Is éard is scoil lán-Ghaeilge (Gaelscoil ann) ná bunscoil ina ndéantar an fhoghlaim agus na gníomhaíochtaí uilig trí mheán na Gaeilge. Tugtar tumoideachas air seo agus tá neart taighde déanta ar a bhuntáistí. Is féidir leis an oideachas lán-Ghaeilge breis deiseanna, eispéireas agus scileanna a thabhairt do do pháiste, beag beann ar an teanga a labhraíonn sibh sa bhaile. Bíonn daltaí na scoileanna lán-Ghaeilge líofa sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, agus is féidir leo léamh agus scríobh go cumasach sa dá theanga.



**Déanaimid teagasc ar dhaltaí ó gach cúlra teanga!**

## Na czym polega szkoła irlandzkojęzyczna?

Szkoła irlandzkojęzyczna (Gaelscoil) to szkoła podstawowa, w której nauka i zajęcia odbywają się w języku irlandzkim. Jest to tzw. nauka przez „zanurzenie” i istnieje wiele badań na temat jej zalet. Niezależnie od języka, którym dziecko posługuje się w domu, irlandzkojęzyczna edukacja oferuje dodatkowe możliwości, doświadczenia i umiejętności. Uczniowie szkół irlandzkojęzycznych kończą szkołę, biegle posługując się zarówno językiem irlandzkim, jak i angielskim oraz potrafią kompetentnie czytać i pisać w obu językach.

**Uczymy dzieci ze wszystkich środowisk językowych!**



## Éiteas na scoileanna lán-Ghaeilge

Cuireann scoileanna lán-Ghaeilge fáilte roimh dhaltaí a thagann ó chúlraí éagsúla teanga, cultúir, creidimh agus socheacnamaíocha. Bíonn éitis chreidimh nó spioradálta éagsúla ag scoileanna lán-Ghaeilge, ag brath ar phátrún na scoile. Bíonn roinnt scoileanna **sainchreidmheach** (Caitliceach), roinnt eile **idirchreidmheach** (éiteas comhroinnte Caitliceach agus Protastúnach) agus bíonn scoileanna eile **ilchreidmheach** (ní dhéantar teagasc ar chreideamh ar leith). Cuireann scoileanna lán-Ghaeilge béim ar an nGaeilge agus ar an oidhreacht, chomh maith le béim a chur ar rannpháirtíocht i réimse leathan de ghníomhaíochtaí cultúrtha a chuireann le foghlaim agus le heispéiris na ndaltaí.

Bom Dia!

Guten Morgen!

Buna dimineata!

Labas rytas!



Good Morning!

Maidin mhaith!

Bonjour!

Dzień dobry!



### Jaki jest etos szkół irlandzkojęzycznych?

Szkoły irlandzkojęzyczne przyjmują uczniów ze wszystkich środowisk językowych, kulturowych, religijnych i społeczno-ekonomicznych. Etos religijny lub duchowy szkół irlandzkojęzycznych jest uzależniony od ich patrona. Niektóre szkoły są **wyznaniowe** (katolickie), inne są **międzywyznaniowe** (ze wspólnym etosem katolickim i protestanckim), a inne są **wielowyznaniowe** (w tych szkołach nie jest nauczana żadna konkretna religia). Szkoły irlandzkojęzyczne kładą nacisk na język i dziedzictwo irlandzkie, a także angażują się w szeroki zakres działań kulturalnych, które wzbogacają doświadczenia uczniów.

## Cad is tumoideachas ann?

Samhail atá sa tumoideachas a chabhraíonn le daltaí líofacht a fháil sa Ghaeilge go nádúrtha, trí thaithí laethúil a thabhairt dóibh i dtimpeallacht Ghaeilge. Ciallaíonn sé seo go ndéantar na hábhair uilig, seachas an Béarla, a theagasc trí mheán na Gaeilge. Cloiseann agus baineann na daltaí úsáid as an nGaeilge sa rang agus lasmuigh den rang, agus cabhraítear leo líofacht a bhaint amach trí rannpháirtíocht agus trí thimpeallacht lán-Ghaeilge a chothú. Labhraíonn na múinteoirí Gaeilge leis na daltaí ón gcéad lá. Ní bhíonn scoileanna lán-Ghaeilge ag súil go mbeidh Gaeilge ag chuile pháiste nuair a thosaíonn siad, ach cabhraíonn siad le páistí an Ghaeilge a shealbhú go han-tapa. Baintear úsáid as amhráin, rainn, drámaí, chomh maith le modhanna agus gníomhaíochtaí eile le cinntiú go dtuigeann na daltaí an múinteoir agus gur féidir leo cumarsáid a dhéanamh leis nó léi. Le himeacht ama, bainfidh na daltaí úsáid as an nGaeilge go nádúrtha. Léiríonn taighde agus torthaí ó scoileanna lán-Ghaeilge gur bealach éifeachtach é an tumoideachas le teangacha a fhoghlaim, agus go mbíonn dearcadh dearfach ag daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge i leith na teanga.

## Na czym polega nauka poprzez „zanurzenie”?

Nauka przez „zanurzenie” to model, który pomaga dzieciom w naturalny sposób osiągnąć płynną znajomość języka irlandzkiego, poprzez codzienne przebywanie w środowisku, w którym mówi się po irlandzku. Oznacza to, że wszystkie przedmioty poza językiem angielskim są nauczane w języku irlandzkim. Uczniowie słyszą i używają języka irlandzkiego w klasie i poza nią, a uczestnictwo i zaangażowanie pomagają im nabrać płynności. Nauczyciele rozmawiają z uczniami po irlandzku od pierwszego dnia. Szkoły irlandzkojęzyczne nie oczekują, że dzieci będą mówić po irlandzku od początku, ale pomogą im bardzo szybko rozwinąć znajomość tego języka. Piosenki, rymowanki, przedstawienia oraz wiele innych metod i zajęć wykorzystuje się, aby ułatwić uczniom rozumienie swojego nauczyciela i komunikowanie się z nim. Z czasem dzieci same zaczynają używać języka irlandzkiego w sposób naturalny. Badania i wyniki szkół irlandzkojęzycznych wykazały, że nauczanie metodą zanurzenia jest bardzo skutecznym sposobem nauki języków, a uczniowie szkół irlandzkojęzycznych mają bardzo pozytywny stosunek do języka.

## Cad iad na buntáistí, mar sin?

Chomh maith leis na buntáistí acadúla agus cultúir a bhaineann leis an dátheangachas, déanann an t-oidreachas lán-Ghaeilge tairbhe do dhaltaí ar neart bealaí eile.

- ▶ Buntáistí intleachta
- ▶ Líofacht & litearthacht in dhá theanga
- ▶ Scileanna cumarsáide
- ▶ Muinín & tuiscint féiniúlachta
- ▶ Buanna méadaithe san oidreachas



## Jakie są korzyści?

Oprócz akademickich i kulturowych korzyści płynących z dwujęzyczności, uczniowie czerpią korzyści z edukacji irlandzkojęzycznej na wiele sposobów.

- ▶ Korzyści intelektualne
- ▶ Biegłość i umiejętność czytania i pisania w dwóch językach
- ▶ Umiejętności komunikacyjne
- ▶ Pewność siebie i poczucie tożsamości
- ▶ Wzrost osiągnięć edukacyjnych





## Buntáistí cognaíocha

Éiríonn le páistí smaoineamh ar bhealaí **níos cruthaithí**

**Scileanna cuimhne** níos fearr

Bíonn siad níos fearr **ag tabhairt airde, ag díriú ar thascanna** agus á gcur i gcrích

Léiríonn taighde gur féidir leis an dátheangachas moill cheithre bliana a chur ar ghalar Alzheimer



## Korzyści poznawcze

Pobudzenie u dzieci kreatywnego myślenia

Pomoc w doskonaleniu umiejętności zapamiętywania

Poprawa koncentracji uwagi co korzystnie wpływa na wykonywanie oraz kończenie zadań

Badania wykazały, że dwujęzyczność może opóźnić wystąpienie choroby Alzheimera o cztery lata

## Líofacht agus litearthacht in dhá theanga

Forbraíonn páistí **líofacht** agus **litearthacht** sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon ar scoil

**Scileanna inaistrithe** iad seo gur féidir a chur i bhfeidhm i dteangacha eile

Tuiscint níos fearr dóibh ar na **bunchlocha teanga;** gramadach, déanamh focal, ord abairte

Níos éasca do na páistí **teangacha eile a fhoghlaim** leis na scileanna litearthachta atá sealbhaithe acu



## Biegłość i umiejętność czytania i pisania w dwóch językach

Dzieci rozwijają w szkole płynność i umiejętność czytania i pisania zarówno w języku angielskim, jak i irlandzkim.

Umiejętności zbywalne można zastosować w nauce innych języków.

Lepsze zrozumienie podstaw języka, gramatyki, słowotwórstwa czy budowy zdania.

Dzieciom łatwiej jest uczyć się dodatkowych języków dzięki umiejętnościom czytania i pisania, które nabywają metodą edukacji przez „zanurzenie”.





**Scileanna éisteachta**  
agus **cumarsáide** níos  
éifeachtaí ag páistí

Níos fearr in ann **iad féin a chur in iúl**,  
agus níos fearr in ann  
daoine eile a thuiscint

**Scileanna  
Cumarsáide**

Rozwijają bardziej  
efektywne umiejętności  
słuchania i komunikacji

Nabierają zdolności  
lepszego wyrażania  
siebie i lepszego  
rozumienia innych

**Umiejętności  
komunikacyjne**

### Muinín agus féiniúlacht

Níos mó teagmhála ag na  
páistí le cultúir éagsúla  
agus bíonn **meas níos  
mó** acu orthu

Spreagtar **ilculturachas**  
níos doimhne agus níos lú  
ciníochais

Tuiscint níos fearr do na páistí ar  
a gcuid féiniúlachta féin — bíonn  
**féinmheas** níos mó acu

### Poczucie pewności siebie i tożsamości

Większe otwarcie na inne  
kultury rozwija większy  
szacunek dla  
tych kultur

Popieranie  
wielokulturowości  
i zwalczanie rasizmu

Lepsze zrozumienie  
samego siebie dające  
lepszą samoocenę





## Gnóthachtáil san oideachas

**Gnóthachtáil níos airde** sa Bhéarla agus sa mhata araon ag páistí i scoileanna lán-Ghaeilge i gcomparáid lena bpiarghrúpa i scoileanna meán-Bhéarla

Is mó seans go gcuirtear **curaclam níos leithne** ar fáil i scoileanna lán-Ghaeilge ná mar a chuirtear ar fáil i scoileanna eile — Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

Is féidir go mbronnfar **marcanna breise** ar iarrthóirí a fhreagraíonn scrúdú scríofa Ardeiste trí Ghaeilge



## Wzrost osiągnięć edukacyjnych

Uczniowie uzyskują wyższe oceny w testach standaryzowanych zarówno z języka angielskiego, jak i z matematyki niż ich rówieśnicy w szkołach anglojęzycznych.

Irlandzkojęzyczne szkoły podstawowe częściej realizują rozszerzony program niż inne typy szkół – ESRI.

Kandydaci, którzy napiszą odpowiedzi w języku irlandzkim na egzaminie pisemnym z niektórych przedmiotów maturalnych, mogą otrzymać dodatkowe punkty.







## Ceisteanna coitianta

## Najczęściej zadawane pytania

### Ní labhraímid Gaeilge sa bhaile, an féidir le mo pháiste freastal ar scoil lán-Ghaeilge?

Cuireann scoileanna lán-Ghaeilge fáilte roimh dhaltáí ó chúilraí éagsúla teanga, daltaí a labhraíonn Gaeilge sa bhaile agus iad siúd nach labhraíonn. Tá neart scoileanna lán-Ghaeilge ann ina bhfuil líon mór daltaí nach labhraíonn Gaeilge sa bhaile. Tugtar idir thacaíocht agus spreagadh do na daltaí seo chun líofacht a bhaint amach sa Ghaeilge. Tugtar spreagadh do na teaghlacha seo páirt a ghlacadh i saol na scoile chomh maith, agus tugtar tacaíocht dóibh le cinntiú go n-éiríonn lena bpáistí i scoil lán-Ghaeilge.

### W domu nie mówimy po irlandzku, czy nasze dziecko może uczęszczać do szkoły irlandzkojęzycznej?

Szkoły irlandzkojęzyczne przyjmują uczniów ze wszystkich środowisk językowych - zarówno tych, którzy w domu mówią po irlandzku, jak i tych, którzy tego nie robią. Do wielu szkół uczęszcza duża liczba uczniów, dla których irlandzki nie jest językiem ojczystym. Uczniowie ci otrzymują ogromne wsparcie i zachętę do płynnego nauczania się języka irlandzkiego. Rodziny są również aktywnie zachęcane do angażowania się w życie szkoły i są wspierane, aby stworzyć dla swoich dzieci warunki do rozwoju w irlandzkojęzycznej szkole.

### Ba bhreá liom bheith in ann cabhrú le mo pháiste lena obair bhaile. Cén chaoi ar féidir liom bheith páirteach?

Ní gá go mbeadh Gaeilge ag an tuismitheoir chun cabhrú le hobair bhaile an pháiste. Baineann tábhacht le spreagadh agus dearcadh dearfach i leith na teanga, mar sin féin. Bíonn tionchar ollmhór aige seo ar fhoghlaim agus ar rath na ndaltaí. Tuigeann múinteoirí nach mbíonn Gaeilge ar thoil na dtuismitheoirí uilig agus tugtar obair bhaile a théann siar ar a bhfuil déanta sa rang. Beidh do pháiste in ann an obair bhaile a mhíniú sa teanga a labhraíonn sibh sa bhaile. Bíonn clubanna obair bhaile ag roinnt scoileanna tar éis an lá scoile chomh maith. Is féidir le Gaeloideachas liosta d'acmhainní áisiúla a thabhairt duit, ar féidir leat iad a úsáid sa bhaile.

Tá ár suíomh idirlín, [www.irishforparents.ie](http://www.irishforparents.ie) ar fáil chomh maith chun cabhrú le tuismitheoirí leibhéal Gaeilge s'acusan a ardú, más maith leo. Cuireann roinnt scoileanna ranganna Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí, más maith leo freastal orthu. Cuireann leabharlanna agus eagraíochtaí áitiúla ranganna ar fáil chomh maith.

### Chcę pomagać mojemu dziecku w odrabianiu lekcji. Jak mogę się zaangażować?

Rodzice nie muszą znać języka irlandzkiego, aby pomagać w odrabianiu zadań domowych. Jednak bardzo ważna jest zachęta i pozytywne nastawienie do języka i szkoły. Ma to ogromny wpływ na postępy w nauce uczniów. Nauczyciele zdają sobie sprawę, że wielu rodziców nie mówi po irlandzku i pracę domową zadaje się po to, aby powtórzyć i utrwalić to, co uczniowie już omówili podczas lekcji w szkole. Twoje dziecko będzie mogło omówić swoją pracę domową w języku, którym posługujecie się w domu. Niektóre szkoły oferują również świetlice, gdzie można odrabiać lekcje. Gaeloideachas może również udostępnić listę przydatnych zasobów do wykorzystania w domu.

Nasza strona internetowa, [www.irishforparents.ie](http://www.irishforparents.ie), jest dostępna dla rodziców zainteresowanych doskonaleniem swojej znajomości języka irlandzkiego. Wiele szkół irlandzkojęzycznych organizuje zajęcia z języka irlandzkiego dla chętnych rodziców, podobnie jak biblioteki i inne organizacje lokalne.





## Cén chaoi a ndéanfaidh mo pháiste dul chun cinn sa Bhéarla?

Is léir ón taighde go mbíonn na scileanna céanna teanga agus litearthachta Béarla ag daltaí ó scoileanna lán-Ghaeilge is a bhíonn ag páistí i mbunscoileanna lán-Bhéarla. Ní dhéanann roinnt scoileanna lán-Ghaeilge teagasc ar an mBéarla go dtí Rang 1, ionas go mbeidh na bunscoileanna Gaeilge ag na páistí i dtosach. Léiríonn taighde in Éirinn agus thar lear go n-aistrítear na scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a shealbhaíonn daltaí sa Ghaeilge go dtí an Béarla, is go dtarlaíonn sé seo go nádúrtha. Déanann sé seo éascaíocht ar fhoghlaim an Bhéarla. Léiríonn taighde go bhfuil daltaí na mbunscoileanna lán-Ghaeilge os cionn an mheáin i gcás léitheoireacht an Bhéarla, agus go bhfuil dearcadh níos dearfaí acu i leith na léitheoireachta.

## Jakie będą postępy mojego dziecka w nauce języka angielskiego?

Z badań jasno wynika, że uczniowie szkół irlandzkojęzycznych rozwijają znajomość języka angielskiego i umiejętności czytania i pisania na tym samym poziomie, co ich rówieśnicy w szkołach anglojęzycznych. Większość szkół może opóźnić formalne nauczanie języka angielskiego do pierwszej klasy, aby najpierw zapewnić uczniom solidne podstawy w języku irlandzkim.



Badania międzynarodowe i irlandzkie wykazały, że umiejętności czytania i pisania, które uczniowie już nabyli w języku irlandzkim, w naturalny sposób przeniosą się na język angielski. Ułatwi to uczniom naukę tego języka. Badania pokazują, że uczniowie irlandzkojęzycznych szkół podstawowych są powyżej średniej krajowej w zakresie czytania i języku angielskim i mają bardziej pozytywne nastawienie do czytania.





## An bhfuil an t-oidreachas lán-Ghaeilge oiriúnach do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu?

Cuireann scoileanna lán-Ghaeilge oideachas ar fáil do dhaltáí a bhfuil riachtanais speisialta acu, idir riachtanais fhisiciúla agus riachtanais oideachais; páistí a bhfuil lagú radhairc nó éisteachta acu, páistí atá ar speictream an uathachais, páistí a bhfuil disléicse orthu agus iad le riachtanais speisialta oideachais eile. Cuireann scoileanna lán-Ghaeilge an tacaíocht chéanna ar fáil is atá i scoileanna lán-Bhéarla. D'aithin tuairisc a rinne An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, a foilsíodh in 2011, go gcuireann an t-oidreachas dátheangach le forbairt shóisialta, mhothúcháin agus idirphearsanta na ndaltáí.

Is í an cheist is tábhachtaí atá le cur agus scoil á roghnú agat do do pháiste ná 'an bhfuil na hacmhainní agus an taithí acu chun tacú le riachtanais mo pháiste – idir riachtanais foghlama agus riachtanais sonais?' Cuir ceist ar an scoil faoin tacaíocht is féidir leo a chur ar fáil bunaithe ar shainriachtanais an pháiste. Is féidir tuilleadh eolais a fháil inár rannóg a bhaineann le riachtanais speisialta oideachais - [www.gaeloideachas.ie/special-education/](http://www.gaeloideachas.ie/special-education/)

## Czy edukacja irlandzkojęzyczna jest odpowiednia dla dzieci ze specjalnymi potrzebami edukacyjnymi?

Irlandzkojęzyczne szkoły rutynowo zapewniają edukację dla uczniów ze specjalnymi potrzebami, zarówno fizycznymi, jak i edukacyjnymi. Należą do nich m.in. dzieci z upośledzeniem wzroku lub słuchu, zaburzeniami ze spektrum autyzmu, dysleksją i innymi specjalnymi potrzebami edukacyjnymi. Szkoły irlandzkojęzyczne oferują takie same wsparcie dla tych uczniów, jak szkoły anglojęzyczne. W raporcie Krajowej Rady ds. Edukacji Specjalnej opublikowanym w 2011 r. uznano, że edukacja dwujęzyczna przyczynia się do rozwoju społecznego i emocjonalnego oraz budowania relacji międzyludzkich u uczniów.

Najważniejszym pytaniem przy wyborze szkoły dla dziecka jest to, czy szkoła posiada zasoby i doświadczenie, aby spełnić jego potrzeby – zarówno w zakresie nauki, jak i ogólnie pojętego zadowolenia. Zapytaj szkołę o wsparcie, jakie może zapewnić Twojemu dziecku w oparciu o jego indywidualne potrzeby. Więcej informacji można znaleźć w części dotyczącej specjalnych potrzeb edukacyjnych na stronie Gaeloideachas [www.gaeloideachas.ie/special-education/](http://www.gaeloideachas.ie/special-education/)

## Tacaíocht do Thuismitheoirí

Tá Gaeloideachas ann chun cabhrú leatsa agus le do pháiste ar aistear an oideachais lán-Ghaeilge. Táimid anseo má bhíonn cabhair nó comhairle uait!

- ▶ Abhcóideacht
- ▶ Fiseáin ar neart [topaicí bit.ly/GaeloidYT](http://bit.ly/GaeloidYT)
- ▶ Bileoga eolais [bit.ly/BolscGaeloid](http://bit.ly/BolscGaeloid)
- ▶ [IrishforParents.ie](http://IrishforParents.ie)
- ▶ Fóram Plé do Thuismitheoirí [bit.ly/FbGaeloidTuis](http://bit.ly/FbGaeloidTuis)
- ▶ Cainteanna agus Seimineáir [bit.ly/Seimineáir](http://bit.ly/Seimineáir)

## Wsparcie dla rodziców

Gaeloideachas oferuje wsparcie dla rodziców i dzieci na drodze edukacji w szkole, w której językiem nauczania jest irlandzki. Służymy radą i pomocą!

- ▶ Wsparcie
- ▶ Filmy na wiele tematów [bit.ly/GaeloidYT](http://bit.ly/GaeloidYT)
- ▶ Ulotki informacyjne [bit.ly/GaeloidPromo](http://bit.ly/GaeloidPromo)
- ▶ [IrishforParents.ie](http://IrishforParents.ie)
- ▶ Forum dla rodziców [bit.ly/FbGaeloidTuis](http://bit.ly/FbGaeloidTuis)
- ▶ Rozmowy i seminaria <https://bit.ly/Cláraigh>



## Fúinn

Eagraíocht náisiúnta is ea Gaeloideachas, a thacaíonn le forbairt an oideachais lán-Ghaeilge in Éirinn.

Bunaíodh Gaeloideachas faoin ainm Gaelscoileanna in 1973 chun tacú le Gaelscoileanna, idir bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Laistigh de chúraimí na heagraíochta anois tá soláthar seirbhísí tacaíochta do scoileanna Gaeltachta, naionraí lasmuigh den Ghaeltacht agus seirbhísí do thuismitheoirí.

Cuireann Gaeloideachas, comhairle, cabhair agus tacaíocht ar fáil do thuismitheoirí ar mian leo oideachas lán-Ghaeilge dá bpáistí, chomh maith le seirbhísí tacaíochta agus abhcóideacht dóibh siúd atá ag obair in san earnáil.

## O nas

Gaeloideachas to krajowa organizacja wspierająca rozwój edukacji w języku irlandzkim.

Założona w 1973 r. pod nazwą Gaelscoileanna w celu wspierania irlandzkojęzycznych szkół podstawowych i ponadpodstawowych poza obszarami Gaeltacht, organizacja ta obecnie świadczy usługi wsparcia dla irlandzkojęzycznych szkół na obszarach Gaeltacht, dla przedszkoli irlandzkojęzycznych poza granicami Gaeltacht, a także dla rodziców.

Gaeloideachas oferuje porady i pomoc dla osób, które chcą, aby ich dzieci kształciły się w języku irlandzkim, a także usługi wsparcia i rzecznictwa dla pracowników tego sektora.

Gorlann Ghnó na Forbacha  
Údarás na Gaeltachta  
Na Forbacha, Co. na Gaillimhe

Halla Naomh Pádraig  
Institiúid Oideachais Marino  
Ascaill Uí Ghríofa  
Baile Átha Cliath 9, D09 K4P6, Éire

+353-1-853 5195

eolas@gaeloideachas.ie www.gaeloideachas.ie

 @Gaeloideachas

 @Gaeloid

 @gaeloideachas

**Gaeloideachas** 

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

G0017